Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023
(OR. en)

15485/23

LIMITE

PECHE 507

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde a thabhairt i gcrích |

1. Chuir an Coimisiún Eorpach an moladh thuas faoi bhráid na Comhairle an 13 Samhain 2023[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an moladh ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Samhain 2023. Scrúdaíodh an comhréiteach ón Uachtaránacht[2] ag an gcruinniú a bhí ag na hataiséanna iascaigh an 23 Samhain agus d'fhormheas an Mheitheal é an 30 Samhain 2023.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar Coreper an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle, ag seisiún a bheidh aici amach anseo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, mar a leagtar amach in 15480/23 é (mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air), a ghlacadh agus teacht ar chomhaontú maidir leis na treoracha caibidlíochta, mar a leagtar in 16275/23 iad;
   - a chinneadh gan an Cinneadh a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) dá Rialacha Nós Imeachta;

[1] 15268/23 + ADD 1. Fuarthas an mheastóireacht ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde an 13 Samhain 2023 (féach 15268/23 ADD 2 COR 1 + ADD 3).

[2] 15586/23

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar, dá bhrí sin, cóip pháipéir den chinneadh, lena n-áirítear na treoracha caibidlíochta, a tharchur chuig an bParlaimint; agus
- an ráiteas atá san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

PUBLIC